Achoimre ar Chinntí ón gCoimisiún Eorpach maidir le húdaruithe chun substaintí a liostaítear in Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH) a chur ar an margadh le haghaidh a n-úsáide agus/nó chun iad a úsáid

(Foilsithe de bhun Airteagal 64(9) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 [1]***)***

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 9/02)

Cinneadh lena ndeonaítear údarú

An tagairt don chinneadh[1]	Dáta an Chinnidh	Ainm na substainte	Sealbhóir an údaraithe	Uimhir an údaraithe	Úsáid údaraithe	Dáta éaga na tréimhse athbhreithniúcháin	Na cúiseanna atá leis an gcinneadh
C(2023)3	An 4 Eanáir 2023	4-(1,1,3,3-Teitrimeitiolbúitil)feanól, eatocsailithe (4-treas-OPnEO) Uimh. CE: -, Uimh. CAS:-	Lilly France, 24 Boulevard Vital Bouhot, 92521, Neuilly Sur Seine, an Fhrainc; Eli Lilly Italia S.p.A., Via Gramsci 731/733, 50019, Sesto Fiorentino, Flórans, an Iodáil.	REACH/22/44/0 REACH/22/44/1	Foirmliú tionsclaíoch (caolú) tuaslagáin sileacóin ina bhfuil 4-treas-OPnEO agus é sin a úsáid ina dhiaidh sin mar bhealadh i monarú feistí seachadta táirgí íocshláinte	An 4 Eanáir 2028	I gcomhréir le hAirteagal 60(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, na sochair shocheacnamaíocha a bhaineann le húsáid na substainte, is mó iad ná an riosca a bhaineann leis an úsáid sin a ó thaobh shláinte an duine agus an chomhshaoil de, agus ní hé go bhfuil aon substaint ná teicneolaíocht mhalartach ann a bheadh oiriúnach.

([1]) Tá an cinneadh le fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh ag: Údarú (europa.eu).

([1]) IO L 396, 30.12.2006, lch. 1.